

OIFIG AN PHAITEOLAÍ STÁIT

Tuarascáil Bhliantúil 2020



Tá Oifig an Phaiteolaí Stáit suite i seanstáisiún an Gharda Síochána sa Halla Bán, Ascaill Uí Ghríofa, An Halla Bán, Baile Átha Cliath 9, D09 RDT8.

Teileafón: +353 1 6331571 Rphost: osp@statepathology.gov.ie

www.justice.ie

Clár na nÁbhar

1 Brollach ón bPríomh-
Phaiteolaí Stáit, An Dr
Linda Mulligan

2 Réamhrá

3 Forléargas ar 2020

4 Faisnéis Airgeadais

5 Nochtadh Cosanta

6 Dualgas na hEarnála Poiblí
um Chomhionannas agus
Cearta an Duine

7 Feasacht Comhshaoil
agus Fuinnimh

8 Rialachas agus Rialuithe
Inmheánacha



Ón bPríomh-Phaiteolaí Stáit, An Dr Linda Mulligan

Tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil 2020 d'Oifig an Phaiteolaí Stáit (OSP) a thíolacadh.

Ba mhaith mhaith liom i dtosach báire ár mbuíochas a chur in iúl do bheirt bhall d'fhoireann na hoifige a chuaigh ar scor in 2020 agus gach rath a ghuí orthu. Chuaigh Anne Walsh (oifigeach cléireachais) ar scor i mí Márta tar éis ocht mbliana le hOifig an Phaiteolaí Stáit. Chuaigh Noreen Byrne (oifigeach feidhmiúcháin) ar scor i mí na Samhna tar éis ceithre bliana go leith a chaitheamh ag obair in Oifig an Phaiteolaí Stáit. Airímid uainn go mór a dtacaíocht agus a n-ionchur. Mar sin féin, bhí an t-ádh orainn fáilte a chur roimh bheirt bhall foirne nua. Thosaigh Christine Rogers (oifigeach feidhmiúcháin) agus Lorna O'Loughlin (oifigeach cléireachais) ag obair linn i mbliain a bhí an-neamhghnách, ach táimid thar a bheith sásta iad a bheith linn.

Bhí ról lárnach ag an bpaindéim SARS-CoV-2 (Covid-19) i saol gach duine againn agus san obair a bhí ar bun againn ó lá go lá in 2020. Threisigh teacht chun cinn na paindéime arís an tairbhe atá le scrúdú iarbháis mar uirlis chun eolas leighis a chur chun cinn. Bhí ról ríthábhachtach ag an Oifig an Phaiteolaí Stáit, mar gheall ar an ról ar leith atá aici ina hidirghabhálaí idir na Cróinéirí, an Garda Síochána, Dámh na Paiteolaíochta (Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann, RCPI) agus marbhanna ar fud na tíre, chun treoirínite agus cleachtas i leith scrúduithe iarbháis a fhorbairt ar leibhéal náisiúnta.

Bhí i gceist leis sin freisin áfach go raibh méadú ar thiomantais i ndáil le róil bhainistíochta agus chomhairleacha. I dteannta na bhfreagrachtaí a eascraíonn as na cruinnithe sin, chuir sin beagán brú ar roinn atá gann i bhfoireann cheana féin (mar

gheall ar fhadhbanna earcaíochta agus easpa paiteolaithe fóirínseacha ar fud an domhain). Níor tháinig laghdú ar an ngnáthualach oibre a bhíonn orainn, agus b'éigean dúinn a bheith solúbtha agus in ann athrú d'fhonn an tseirbhís a chothabháil.

Tugadh rochtain shlán ó chian don fhoireann ar fad ar chomhaid agus ar bhunachair sonraí. Bhí beirt phaiteolaithe fhóirínseacha chomhairleacha lánaimseartha lonnaithe in Oifig an Phaiteolaí Stáit. Thacaigh beirt phaiteolaithe ionaid, paiteolaí ionaid lánaimseartha i mBaile Átha Cliath agus paiteolaí ionaid páirtaimseartha i gCorcaigh leo. Moladh do gach paiteolaí oibriú go cianda nuair ab fhéidir. D'oibrigh foireann na hoifige ar an láthair i bhfoirne de bheirt ar bhonn uainíochta. Bhí ar an eolaí atá againn teacht chuig an áitreabh gach lá ach bhí ar a chumas cloí leis na treoirínite sláinte poiblí.

Tháinig laghdú ar fhreastal ar chásanna cúirte agus ionchoisní mar gheall ar na srianta sláinte poiblí. Nuair a bheidh na cúrsaí sin ar ais mar a bhí, is féidir go mbeadh éilimh níos mó ar am paiteolaithe agus ar a gcumas dul i mbun scrúduithe iarbháis mar gheall go mbeidh orthu teacht os comhair cúirteanna agus ionchoisní. Ní bheidh seo i gceist ach sa ghearrthearma áfach agus ba cheart gur fíorbheagán tionchair a bheadh i gceist ó tharla gur tionóladh comórtais, ar éirigh go maith leo, chun baill foirne paiteolaíochta a earcú i R4 2020. Beidh Príomh-Phaiteolaí Stáit ceaptha faoi mhí Iúil 2021 chomh maith le beirt Phaiteolaithe Stáit lánaimseartha a bheidh lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Leanfaidh an paiteolaí ionaid páirtaimseartha atá againn atá lonnaithe i gCorcaigh ag cur tacaíocht ar fáil don tseirbhís agus tá pleananna ann histeapaiteolaí comhairleach cáilithe a

fhostú chun clár oiliúna ar an láthair oibre, a bunaíodh in 2014, a leanúint.

Beifear thar a bheith sásta filleadh ar ghnáthphróisis oibre in Oifig an Phaiteolaí Stáit nuair a fhéadfar sin, agus lena ndéanfar baill foirne nua a imeascadh. Déanfar cruinnithe athbhreithnithe ar chásanna a leathnú chun gach speisialtóir fóiréinseach ábhartha a áireamh. Cuirfidh sin ar ár gcumas na socrúcháin roghnacha mac léinn a thabhairt ar ais agus dul chun

cinn a dhéanamh ar dheiseanna taighde. Díreoidh Oifig an Phaiteolaí Stáit arís eile ar Phaiteolaíocht Fhóiréinseach a chur chun cinn mar speisialtóireacht leighis in Éirinn.

Tríd is tríd, táimid ag súil le bliain fhorásach agus 'gnáthbhliain' a bheith againn sa bhliain 2021.

An Dr. Linda Mulligan

An Príomh-Phaiteolaí Stáit

Réamhrá

Is gníomhaireacht neamhreachtúil í Oifig an Phaiteolaí Stáit (OSP) arna bunú ar bhonn riaracháin faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt. Soláthraíonn an Oifig seirbhís náisiúnta paiteolaíochta fóiréinsí in Éirinn ó cheann ceann na bliana. Is éard is paiteolaíocht fhóiréinseach ann ná an disciplín leighis lena ndéantar cúis bháis a chinneadh chun críocha dleathacha. Is dochtúirí leighis iad paiteolaithe fóiréinseacha atá oilte sa phaiteolaíocht anatamaíoch, sa histeapateolaíocht agus maidir le léirmhíniú díobhálacha ag scrúdú iarbháis.

Cuireann an Oifig sainchomhairle neamhspleách ar fáil maidir le nithe a bhaineann le paiteolaíocht fhóiréinseach agus déantar scrúduithe iarbháis i mbásanna a mbaineann gné choiriúil, amhrasach agus neamhghnách leo. Tugtar cásanna “Stáit” orthu sin sa ghnáthchaint. Soláthraíonn na paiteolaithe fóiréinseacha tuarascáil iarbháis don Chróinéir iomchuí i gcásanna den sórt sin. Freastalaíonn siad ar an ionchoisne agus ar aon imeachtaí cúirte a eascraíonn as aon imscrúdú de chuid an Gharda Síochána. Nuair is féidir ag brath ar an ualach oibre fóiréinseach, tugann an Oifig faoi scrúduithe iarbháis do Chróinéir Cheantar Bhaile Átha Cliath, ar bhonn uainíochta, maidir le básanna nach mbaineann amhras leo.

Le linn 2020, ba í an Príomh-Phaiteolaí Stáit Gníomhach, Linda Mulligan, a bhí i gceannas ar Oifig an Phaiteolaí Stáit. Chuidigh an Phaiteolaí Stáit, an Dr Kathleen Han Suyin agus beirt Leas-Phaiteolaithe Stáit Ionaid, an Dr Heidi Okkers agus an Dr Margot Bolster, atá lonnaithe i gCorcaigh, léi. Reáchtáladh comórtais i Ráithe 4 2020 do na poist Príomh-Phaiteolaí Stáit agus Phaiteolaí Stáit. Rachaidh na hiarratasóirí ar éirigh leo i mbun a gcuid oibre sa bhliain 2021.

Tugann ceathrar ball foirne riaracháin agus eolaí míochaine tacaíocht do na paiteolaithe fóiréinseacha ina gcuid oibre.

Croí-Obar Oifig an Phaiteolaí Stáit

Scrúduithe iarbháis a dhéanamh i gcásanna ina dtarlaíonn bás tobann, gan údar maith agus ina bhfuil gné choiriúil nó amhrasach, an phríomhghníomhaíocht atá ag an Oifig. I dtuairim is 15% de na cásanna sa bhliain 2020, bhí gá le cuairt a thabhairt ar an láthair freisin. Déileálann na paiteolaithe le dúnbhásaithe chomh maith le réimse leathan básanna nádúrtha agus mí-nádúrtha, imbhualtí tráchta, tionóiscí agus básanna a bhaineann le drugaí mar shampla.

Freagrachtaí Eile

Déileálann an Oifig freisin le líon suntasach de chásanna de chineál eile. Áirítear orthu sin cnámhiarsmaí a bhféadfadh saineolas ó antraipeolaí fóiréinseach a bheith ag teastáil ina leith, athbhreithnithe ar fhuarchásanna; agus cásanna arna dtarchur – is cásanna iad sin a tharchuirtear chun tuairim ghairmiúil eile a fháil agus baineann siad de ghnáth le dlínse lasmuigh de dhlínse na hÉireann (e.g. Tuisceart Éireann, RA).

D’fhéadfadh na paiteolaithe fóiréinseacha, cás ar chás agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCróinéir iomchuí, a mheas gur gá do speisialtóir fóiréinseach eile a bheith páirteach in imscrúdú ar bhás amhrasach. Is iad seo a leanas na réimsí speisialtóireachta is mó a mbíonn gá leo, Néarphaiteolaíocht; Phaiteolaíocht Phéidiatrach; Antraipeolaíocht Fóiréinseach; Tocsaineolaíocht Iarbháis; Seandálaíocht Fóiréinseach; agus Feithideolaíocht Fóiréinseach.

Oibleagáidí Lasmuigh den Oifig

Baineann cuid mhaith d'obair na bpaiteolaithe le gníomhaíochtaí lasmuigh den oifig ar nós freastal ar ionchoisní agus ag na cúirteanna coiriúla nó sibhialta. Bhí laghdú orthu sin sa bhliain 2020 mar gheall ar shrianta sláinte poiblí. Cuireann Oifig an Phaiteolaí Stáit saineolas ar fáil chomh maith do ghrúpaí éagsúla (e.g. An Creat Náisiúnta Éigeandála, An tInnéacs Náisiúnta Básanna Drugaí, Comhlachtaí agus Coimisiúin de chuid an Rialtais). Tháinig laghdú ar na hoibleagáidí sin sa bhliain 2020.

Oideachas

Cuireann paiteolaithe in Oifig an Phaiteolaí Stáit oiliúint ar fáil don Gharda Síochána agus do na Póilíní Míleata. Is cuid tábhachtach den tseirbhís a chuireann an Oifig ar fáil mic léinn leighis a mhúineadh ag an leibhéal fochéime agus iarchéime araon. Tá Oifig an Phaiteolaí Stáit dlúthchleamhnaithe le Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn (RCSI) agus cuirtear léachtaí ar fáil do Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh agus Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Corcaigh. Tá oibleagáid bhliantúil ann i leith Ollscoil Strathclyde, Glaschú chun tionscadail taighde a chur ar fáil do dhá cheann dá cuid mic léinn Máistreacht san Eolaíocht Fhóiréinseach. Is minic a chaitheann mic léinn leighis agus dochtúirí cáilithe tráth san Oifig mar chuid de na cúrsaí roghnacha ar gá dóibh iad a dhéanamh. Bhí socrúcháin Ollscoil Strathclyde agus mac léinn leighis an-teoranta in 2020 mar gheall ar na srianta sláinte poiblí.

Suíomh

Tá Oifig an Phaiteolaí Stáit suite in Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9. Tar éis tionscadal athchóirithe, bhog an Oifig go dtí an suíomh sin i mí Iúil 2016. Seanstáisiún an Gharda Síochána sa Halla Bán a bhí ann roimhe sin. Tá Oifig an Phaiteolaí Stáit suite

ar an gcéad urlár den fhoirgneamh agus tá marbhlann cheantar Bhaile Átha Cliath ar urlár na talún. Déantar an t-ábhar histeolaíoch go léir a bhaineann le cásanna fóiréinseacha an Stáit a phróiseáil ar an láthair sa Halla Bán sa tsaotharlann histeapaiteolaíochta. An tSaotharlann Stáit i mBacastún, Co. Chill Dara a dhéanann samplaí toscaineolaíochta a phróiseáil. Is trí chomhaontú idir Cróinéir Cheantar Bhaile Átha Cliath agus Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae a chuirtear raideolaíocht iarbháis ar fáil i mBaile Átha Cliath.

Rialachas

Le linn 2019, tharla leasú mór ar struchtúr na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais nuair a cuireadh Clár Bunathraithe i ngníomh. Leis an gClár, athraíodh struchtúr na Roinne ó struchtúr traidisiúnta rannach go dtí múnla feidhmiúil níos éifeachtaí ina ndéantar an croí-obair a ailíniú faoi dhá cholún ar leith: Ceartas Coiriúil agus Ceartas Sibhialta agus Comhionannas agus iad araon faoi thaca tríú cholún lárnach lena gcuimsítear na feidhmeanna cumasaithe agus comhordaithe a bhaineann le Gnóthaí Corparáideacha, Trédhearcacht agus Gnóthaí Eorpacha. Mar thoradh air sin, tháinig athrú ar chúrsaí tuairisceoireachta d'Oifig an Phaiteolaí Stáit a thagann go príomha anois faoi cholún an Cheartais Choiriúil.

Déanann Oifig an Phaiteolaí Stáit Plean Gnó agus Clár Priacail dá cuid féin a thabhairt ar aird gach bliain faoi threoir na Roinne. Déanann an Príomh-Phaiteolaí Stáit agus an Roinn Comhaontú Maoirseachta a shíniú, gach dhá bhliain nó trí bliana agus, as sin tagann Comhaontú Seachadta Feidhmíochta bliantúil níos spriocdhírthe.

Forléargas ar 2020

Líon Foriomlán Cásanna: 345


Cásobair fhóiréinseach atá i gceist le croí-obair Oifig an Phaiteolaí Stáit. Tugtar forléargas mionsonraithe ar an gcásobair

lena ndéileáil an Oifig trí chóras cuimsitheach taifeadta. Cinntítear leis an gcóras freisin go ndéantar a taifid go léir a choimeád agus a stóráil de réir threoirlínte Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus i gcomhréir leis na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Le linn 2020, dhéileáil an Oifig le 345 cás (335 an figiúr a bhí ann in 2019, 286 in 2018 agus 261 in 2017). Cásanna Fóiréinseacha Stáit a bhí i bhformhór na gcásanna sin (188) líon a fhreagraíonn do 54% de líon iomlán na gcásanna.

Léiríonn Figiúr 1 thíos cur síos ar líon iomlán na gcásanna de réir ceithre cinn de chineálacha éagsúla cás (cásanna fóiréinseacha stáit, cásanna neamhamhrasacha, cnámhiarsmaí agus cásanna arna dtarchur).

Fíor 1: Líon Iomlán Cásanna Eanáir - Nollaig 2020



I ndiaidh plé le hiniúcháirí láithreacha coireanna, leis na Gardaí imscrúdaithe agus leis an gcróinéir, is féidir go mbeadh cuairt ar láthair an bháis i gceist freisin le cásanna fóiréinseacha Stáit. Taifeadadh freastal ag láthair an bháis in 29 cás de 188 cás (15%) in 2020.

Cásanna Neamhamhrasacha Chróinéir Cheantar Bhaile Átha Cliath:

Chuir an Oifig, faoi stiúir Chróinéir Cheantar Bhaile Átha Cliath, 109 scrúdú iarbháis neamhamhrasacha ar dhaoine fásta i gcrích.

Samplaí Cnámhiarsmaí:

Bhí 39 cás ann a bhain le cnámhiarsmaí, agus doicméadadh 28 díobh mar chnámha ainmhí agus 11 díobh mar chnámha daonna. Is é is dóichí gur tharla an t-ardú seo (27 cás a bhí ann in 2019) mar gheall ar an bpobal a bheith i mbun níos mó gníomhaíochta lasmuigh i bpáirt le comhaontuithe leibhéal seirbhíse nua le hantraipeolaithe fóiréinseacha neamhspleácha. Bhí antraipeolaí fóiréinseach páirteach i ngach cás ina bhfuarthas amach gur iarsmaí duine a bhí i gceist agus 17 cás ina bhfuarthas amach gur cnámha ainmhí a bhí i gceist. Caitear le cnámhiarsmaí atá ábhartha ó thaobh na fóiréinsice (iarsmaí a mheastar atá faoi 70 bliain d'aois) mar chásanna de chuid an Stáit

Cásanna arna dtarchur:


Tarchuireadh naoi gcás chuig an Oifig le haghaidh tuairim shaineolach. B'éigean don phaiteolaí áirithe ionchur suntasach a bheith aige nó aici mar gheall ar mhéid an ábhair a bhí le hathbhreithniú sna cásanna sin. Áirítear teagmháil leis na Gardaí, na haturnaetha nó na cróinéirí a tharchur an cás, lasmuigh de dhlínse na hÉireann uaireanta, na taifid iomchuí go léir a athbhreithniú agus tuarascáil a chur le chéile. D'fhéadfadh láithriú i gcúirt a bheith i gceist sna cásanna sin freisin. Ar an meán, teastaíonn 10 n-uair an chloig oibre i ngach cás, cé go dteastaíonn a dhá oiread sin ama le haghaidh roinnt cásanna.

Seirbhís Náisiúnta – Raon Geografach Cásanna:

Cuireann an Oifig seirbhís náisiúnta paiteolaíochta fóiréinsí ar fáil in Éirinn agus cuimsíonn raon na gcásanna limistéar fairsing geografach. Léiríonn Figiúr 2 dáileadh na gcásanna Stáit ar fud na tíre in 2020.

Taispeánann na figiúirí thíos an t-ionad inar tharla an scrúdú iarbháis.

Fíor 2: Dáileadh na gCásanna Stáit in Éirinn 2020



I mBaile Átha Cliath a rinneadh 109 de na cásanna Stáit. Rinneadh 105 de na cásanna sin i Marbhlann Cheantar Bhaile Átha Cliath. Ó chróinéirí lasmuigh de Cheantar Bhaile Átha Cliath a tarchuireadh 13 cás a rinneadh i Marbhlann Cheantar Bhaile Átha Cliath.

Cuireadh 14 gcás eile i gcrích i bhfoisceacht 80km den phríomhchathair (Droichead Átha, an Tulach Mór, an Nás, an Uaimh agus Port Laoise).

Seirbhís ó Cheann Ceann na Bliana:

Cuireann an Oifig seirbhís glao-dhualgais ar fáil 7 lá sa tseachtain, 365 lá gach bliain. Bíonn paiteolaí fóiréinseach ar dualgas i

gcónaí. Tugtar an róta glao-dhualgais don Gharda Síochána agus do na Cróinéirí go léir ar bhonn leanúnach.

Ar 20 lá in 2020, cuireadh dhá scrúdú iarbháis nó níos mó i gcrích. San iomlán, tharla 45 de na 188 cás Stáit (24%) an lá céanna le cás eile. Ar 10 lá de na 20 lá, rinneadh dhá chás sa mharbhlann chéanna. Ar 11 de na 20 lá tharla na scrúduithe iarbháis i dhá mharbhlann ar leith. Sna cásanna sin de ghnáth, bhí gá le beirt phaiteolaithe ar leith nó triúr phaiteolaithe ar leith uaireanta i gcodanna éagsúil den tír, agus ní raibh beirt díobh sin ar dualgas go hoifigiúil. Ar cheithre lá de na 20 lá, bhí trí chás ann.

De bharr nach bhfuil a marbhlann dá cuid féin ag Oifig an Phaiteolaí stáit chun lárú na seirbhíse fóiréinsí a cheadú, is é an cleachtas reatha in Éirinn nach mór do na paiteolaithe taisteal chuig marbhanna éagsúla atá faoi choimirce Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar fud na tíre chun cásanna fóiréinseacha Stáit a dhéanamh. Bíonn an mharbhlann lonnaithe de ghnáth i ndlínse an chróinéara inar tharla an bás nó gar don dlínse sin. Tá triúr de na paiteolaithe lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus duine acu i gCorcaigh. In 2020, bhí taisteal chuig marbhlann lasmuigh de cheantar an phaiteolaí i gceist i 107 den 188 cás. San iomlán, caitheadh 529 uair an chloig ag taisteal chuig na marbhanna éagsúla. Tá sin comhionann le 66 lá oibre nó tuairim is 13 seachtain oibre.

Bhain tuairim is 11½ lá oibre do na paiteolaithe le dualgais lasmuigh den oifig ar nós láithriú ag Fiosrúcháin agus na Cúirteanna Ceartais Choiriúla chun comhairle shaineolach a chur ar fáil maidir le cúiseanna báis le linn 2020.

Mar chuid dá ról múinteoireachta, chaith na paiteolaithe 45½ uair an chloig ag léachtóireacht in institiúidí acadúla agus don Gharda Síochána agus na Póilíní Míleata. Ina theannta sin, éascaíonn Oifig an Phaiteolaí Stáit cúrsaí roghnacha do mhic léinn fochéime agus iarchéime leighis. Freastalaíonn na mic léinn ar Oifig an Phaiteolaí Stáit ar feadh roinnt seachtainí ag scáthfhoghlaim leis na paiteolaithe

fóiréinseacha mar aon le tionscadal a chur i gcrích. In 2020, bhain tuairim is 110 uair an chloig leis sin.

Faisnéis Airgeadais

Maoinítear Oifig an Phaiteolaí Stáit faoi Vóta na Roinne Dlí agus Cirt (Vóta 24), agus is é Ard-Rúnaí na Roinne an tOifigeach Cuntasaíochta ina leith. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as cistí poiblí agus maoin phoiblí atá faoi rialú na Roinne a chosaint. Déantar grinnscrúdú seachtrach trí na Cuntais Leithreasa a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-anailísiú agus ar deireadh faoina gcur faoi bhráid an Choiste um Chuntais Phoiblí.

In 2020, fuair an Oifig leithroinnt iomlán buiséid €983,000 agus €1,018,032.42 a caiteachas iomlán. Tá an caiteachas miondealaithe idir chostais pá agus neamhphá i bhFigiúr 4 thíos.

*Féach freisin ar mhíniú ar ró-chaiteachas in 2020.

Fíor 3:
Miondealú ar Chaiteachas in 2020

	Leithroinnt Buiséid 2020	Olltoradh Iarbhír 2020
Pá	€774,000	€645,284.77
Neamhphá	€209,000	€372,747.65
Iomlán	€983,000	€1,018,032.42

Is mar gheall ar chaiteachas ar phaiteolaithe ionaid a tharla an ró-chaiteachas Neamhphá. Bhí gá le paiteolaithe fóiréinseacha ionaid a fhostú chun na folúntais sin a líonadh. Ní raibh na paiteolaithe ionaid ar an bpárola agus taispeántar iad mar chostais neamhphá dá bhrí sin.

Nochtadh Cosanta

De réir alt 21 (1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, ghlac Oifig an Phaiteolaí

Stáit beartas na Roinne maidir le Nochtadh Cosanta agus tá sé curtha i bhfios don fhoireann go léir. De réir na gceanglas tuairisceoireachta, daingnítear nach bhfuarthas aon nochtadh cosanta in 2020.

Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Bunaíodh dualgas dearfach ar chomhlachtaí poiblí le halt 42 den Acht Fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 aird a thabhairt ar an ngá atá ann an t-idirdhealú a dhíchur, comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a fhoireann agus na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chosaint. Ta tuiscint ag an Oifig ar chearta an duine agus saincheistanna comhionannais, eitic liachta agus dínit an duine éagtha.

Feasacht Comhshaoil agus Fuinnimh

Déanfaidh an Oifig a cuid oibleagáidí reachtúla a chomhall i ndáil le saincheistanna comhshaoil agus fuinnimh. Bíonn Oifig an Phaiteolaí Stáit páirteach i bhFóram na nOifigeach um Fheidhmíocht Fuinnimh de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus cabhróidh sé nó sí le húsáid fuinnimh a thuairisciú. B'ionann an tomhaltas fuinnimh a sábháladh don Oifig in 2020 i gcomórtas leis an mbliain 2019 agus 0.65%. Cé nach bhfuil ann ach laghdú beag, beidh an sprioc reachtúil maidir le laghdú 33% san úsáid fuinnimh a bhaint amach faoin 31 Nollaig 2021 de réir I.R. 426 de 2014 (Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh)) bainte amach ag an roinn agus comhlachtaí i gcomhar lena chéile.

Comhlíonann an Roinn Dlí agus Cirt oibleagáid Oifig an Phaiteolaí Stáit tuairisciú ar bhonn bliantúil d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) i dtaobh tomhaltas fuinnimh trí thuairisciú ina leith sin thar ceann na hOifige.

Pléitear saincheisteanna comhshaoil ag gach cruinniú oifige. Baintear úsáid as cupáin in-athúsáidte ag scairdeáin uisce agus tá scaradh dramhaíola i bhfeidhm. Fuarthas araid dhonn dramhbhia ónár gcuideachta bainistithe dramhaíola in 2019, agus laghdaítear leis sin an dramhaíl a bheidh ag dul i líonadh talún agus rinneadh iarracht comhfhiosach úsáid málaí plaisteacha a shrianadh trí líon na n-araidí i ngach oifig a mhéadú. Déantar gach iarracht athchúrsáil a dhéanamh nuair is féidir sin.

Rialachas agus Rialuithe Inmheánacha

Tá Oifig an Phaiteolaí Stáit neamhspleách ina feidhmeanna agus tuairiscíonn sí don Roinn Dlí agus Cirt maidir le rialachas.

Tá Comhaontuithe um Chomhlíonadh Formhaoirseachta agus Feidhmíochta bunaithe idir Oifig an Phaiteolaí Stáit agus an Roinn Dlí agus Cirt. Tá cóipeanna le fáil ar www.justice.ie. Cuireann an Príomh-Phaiteolaí Stáit Ráiteas um Chomhlíonadh ar fáil don Aire Dlí agus Cirt maidir le hobair na hOifige de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

Maidir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, tá an fhoráil den Chód maidir le “Comhlíon nó Mínigh” curtha i bhfeidhm maidir le hOifig an Phaiteolaí Stáit. De bharr gur comhlacht beag neamh-reachtúil é an Oifig a thagann faoin Vóta Dlí agus Cirt (Vóta 24), níl Aonad Iniúchta Inmheánaigh dá cuid féin aici ná coiste Iniúchta agus Priacail agus níl sí faoi cheangal Ráitis Airgeadais a thabhairt ar aird.

Tá socruithe bunaithe chun rochtain a thabhairt don Oifig ar Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta agus Priacail na Roinne i ndáil le rialachas airgeadais. Faigheann an Oifig tacaíocht freisin ó Aonad Bainistithe Airgeadais na Roinne, aonad a thuairiscíonn i dtaobh ioncam agus caiteachas na hOifige ina dtuarascálacha bainistithe míosúla. Coimeádann Oifig an Phaiteolaí Stáit na tuarascálacha sin faoi athbhreithniú agus tá nósanna imeachta bunaithe chun a chinntiú go ndéantar caiteachas a údarú de réir threoirínte na Roinne. Comhlíonann an oifig oibleagáidí an dlí cánach.

Tá córas bainistithe priacail bunaithe ag an Oifig, lena n-áirítear clár priacail agus déantar priacail ríthábhachtacha a thuairisciú agus glactar gníomhartha bainistithe chun dul i ngleic leis na priacail sin agus iad a laghdú a mhéid is féidir.

Cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus ar nósanna imeachta a bhunú chun go gcomhlíontar na treoirínte iomchuí go léir agus an beartas sainfhála. Déantar sainfháil na hOifige a chur i gcrích i gcomhairle le hAonad Sainfhála na Roinne.

OIFIG AN PHAITEOLAÍ STÁIT

Ascail Uí Ghríofa, An Halla Bán, Baile Átha Cliath 9,
D09 RDT8, Éire.

Teileafón: +353 1 6331571

Ríomhphost: osp@statepathology.gov.ie



An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice